

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Naoináin

Ceacht: 2

Ionad

Clós na Scoile/Halla

Trealamh

Liathróidí Peile éagsúla, cóin thráchtá, marcanna, málaí súí

Ceacht 2

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh & gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

- Cur ar chumas an dalta a theacht isteach ar scil na ciceála
- Druibleáil na liathróide leis an gcos
- Smachtú na liathróide leis an gcos trí í a cheansú nó a stopadh
- Liathróid a chiceáil feadh na talún chuig páirtí le trácht na coise

Snáithaonad: Cruthú agus imirt cluichí

Spriocanna Curaclaim:

- Cur ar chumas na ndaltaí cluichí do bheirt a chruthú agus a imirt
- Pasáil agus smachtú
- Cic a thabharit faoi na cúil

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirthuisicint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

- Comhrá a spreagadh faoi scileanna gluaiseachta a bhaineann le cluichí & forbairt ar na scileanna sin
- Forbairt ar stráitéisí chun fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht

Nascáil:

- Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
- Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



GAA
Learning



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirlínte do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.pdds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Roinn na daltaí ina mbeirteanna
- Liathróid amháin idir gach beirt



Eagrú

- Roinn na daltaí ina mbeirteanna
- Liathróid amháin idir gach beirt
- Bíodh A & B ar aghaidh a chéile agus tuairim 5m eatarthu



Leibhéal Ranga: Naíonáin

Gníomh 1 – Druibleáil

- Bíodh dalta A ag druibleáil leis an liathróid in aon áit laistigh den chlós/halla
- Bíodh dalta B á leanacht (gan liathróid)
- Ar chomhartha, ceansaigh an liathróid le úll na coise
- Ag dalta B an gníomh a dhéanamh anois
- Lean leis an gníomh agus na daltaí ag malartú go tapa, A ag ceansú na liathróide ar chomhartha, B ag leanúint leis an druibleáil láithreach



Gníomh 2 – Pasáil agus Ceansú

- Liathróid ag gach dalta i Líne A
- Ciceáileann A an liathróid chuig B
- Stopann/Ceansaíonn B an liathróid & seolann ar ais chuig A
- Lean leis an ngníomh ar feadh achair áirithe



Pointí Teagaisc

- Luas siúil ar dtús
- Usáid dhá thaobh na coise chun an liathróid a smachtú
- Ceansaigh/stop an liathróid trí úll na coise a leagan go héatrom ar an liathróid
- Coinnigh an liathróid i ngar duit

- C** Cén fáth gur cheart an liathróid a choineáil i ngar duit?
F Mar gur féidir í a stopadh ar an toirt nuair a thagann an comhartha

Pointí Teagaisc

- Ciceáil, ag baint úsáide as an taobh istigh den chos
- Stop/ceansaigh an liathróid le úll na coise
- Fanann an chos nach gciceáileann le hais na liathróide
- An chos cheannasach ar dtús, ansin an ceann eile
- Ní mór don dalta chuig a bhfuil sí ag teacht súil a choineáil ar threo na liathróide
- Bíodh béim ar an liathróid a cheansú go tapa & a sheoladh ar ais go pras

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Roinn na daltaí ina mbeirteanna
- Leag cón tráchta 5m amach rompu



Eagrú


- Leag amach cúrsa leis na cóin nó le bacainní chomh maith le targaid nó cúl



Leibhéal Ranga: Naíonáin

Gníomh 3 - Druibleáil Shealaíochta

- Ar a seal, déanann an bheirt druibleáil chuig an gcón agus ar ais.
- Leagadh an té is deireanaí a bhí ag druibleáil an liathróid os comhair na foirne
- Beidh an bua ag an bhfoireann is túisce atá suite agus an liathróid acu.
- Déan an gníomh arís agus arís eile



Gníomh 4 – Druibleáil agus Aimsiú

- Déanann na daltaí, ar a seal, an liathróid a dhruibleáil timpeall na mbacanna
- Leag an liathróid ar tí agus buail ar thóir cúl



Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun breathnú rompu
- Leag béim ar dhruibleáil smachtaíthe agus ar cheansú ag gach marc

C Céard nach mór a dhéanamh chun a chinntiú nach mbuailfidh tú faoi éinne?

F Breathnú Romhat

Pointí Teagaisc

- Úsáid an dá chos i gceacht druibleála
- Ar mhaithe le cothromaíocht, sín amach an lámh nach bhfuil ar thaobh na ciceála

Snáithe: Cluichí


Eagrú

- Roinn na daltaí ina mbeirteanna, liathróid idir gach beirt
- Os a c(h)omhair amach, déanadh dalta amháin cúl as málaí suí nó as cóin

Leibhéal Ranga: Naíonáin

Forbairt – Aimsiú

- Seasann na daltaí i Líne A laistiar da gcúl
- Tugann gach dalta i Líne B cic faoin gcúl (5 cic)
- Rollaíonn A an liathróid ar ais chuig B
- Malartaíonn A & B áiteacha, A anois ag tabhairt faoin gcúl



Pointí Teagaisc

- An liathróid a chiceáil leis an taobh istigh den chos
- Cinntigh nach stopann A an liathróid sula bhfuil an cúl sroichte aici

C Conas gur féidir scóráil a fhágáil níos deacra?
F Cúngaigh an cúl

- Cúngaigh nó fág níos leithne an cúl ag brath ar chumas na ndaltaí
- Moltar ráta ard scórála ar mhaithe leis na daltaí a spreagadh

